RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/73 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Eanáir 2025

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2245/2002 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle maidir le dearaí Comhphobail

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle an 12 Nollaig 2001 maidir le dearaí Comhphobail ([1]), agus go háirithe Airteagal 107(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) San athchóiriú ar reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint dearaidh, cuimsíodh an leasú a rinneadh ar Rialachán (CE) Uimh 6/2002 le Rialachán (AE) 2024/2822 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(2) Sa leasú sin, tugadh téarmaíocht Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 cothrom le dáta chun í a ailíniú le téarmaíocht Chonradh Liospóin agus téarmaíocht Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Chun comhleanúnachas a áirithiú, ba cheart téarmaíocht Rialachán (CE) Uimh. 2245/2002 ([4]) ón gCoimisiún a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

(3) Thairis sin, leis an leasú a rinneadh ar Rialachán (CE) Uimh. 6/2002, cuíchóiríodh gnéithe áirithe de chóras clárúcháin dearaidh an Aontais Eorpaigh, amhail scriosadh na roghanna nach n-úsáidtear ach ar éigean chun sampla a chomhdú seachas léiriú dearaidh agus chun dearadh iarratais de chuid an Aontais Eorpaigh a chomhdú trí lároifig maoine tionsclaíche Ballstáit agus ní go díreach le hOifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) ('an Oifig'). Ar mhaithe le comhleanúnachas, is gá, dá bhrí sin, coigeartaithe comhfhreagracha a dhéanamh ar rialacha cur chun feidhme áirithe atá i Rialachán (CE) Uimh. 2245/2002.

(4) I gcomhthéacs an ailínithe is gá a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 le hAirteagail 290 agus 291 de Chonradh Liospóin, rinneadh roinnt rialacha lena mbaineann gnéithe riachtanacha den reachtaíocht atá i Rialachán (CE) Uimh 2245/2002 faoi láthair, a ionchorprú i Rialachán (CE) Uimh. 6/2002. Ar chúiseanna éifeachtúlachta agus seachanta dúbailte, is gá, dá bhrí sin, na rialacha ábhartha atá i Rialachán (CE) Uimh 2245/2002 a scriosadh.

(5) Le hionchorprú na bhforálacha nua i Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 atá i Rialachán (CE) Uimh. 2245/2002 faoi láthair, déantar difear freisin do roinnt forálacha a bhaineann le táillí is iníoctha leis an Oifig. Dá bhrí sin, is gá na tagairtí atá ann cheana do na rialacha sin atá i Rialachán (CE) Uimh 2245/2002 a oiriúnú do na forálacha comhfhreagracha nua a ndearnadh iad a ionchorprú i Rialachán (CE) Uimh. 6/2002.

(6) I gcomhréir leis an leasú a rinneadh ar Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 le Rialachán (AE) 2024/2822, forálacha Rialachán (CE) Uimh. 2245/2002 maidir le fad na dteorainneacha ama agus an ionadaíocht os comhair na hOifige, is gá iad a ailíniú leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch chun tagairt a dhéanamh do chríoch an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) seachas don 'Chomhphobal'.

([1]) IO L 3, 5.1.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/6/oj.
([2]) Rialachán (AE) 2024/2822 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle maidir le dearaí Comhphobail agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2246/2002 ón gCoimisiún (IO L 2024/2822, 18.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2822/oj).
([3]) Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh (IO L 154, 16.6.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1001/oj).
([4]) Rialachán (CE) Uimh. 2245/2002 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2002 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle maidir le dearaí Comhphobail (IO L 341, 17.12.2002, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/2245/oj).

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 2245/2002 a leasú dá réir sin.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú faoi Airteagal 109 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2245/2002 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Rialachán (CE) Uimh. 2245/2002 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2002 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle maidir le dearaí an Aontais Eorpaigh';

(2) ar fud an Rialacháin, cuirtear 'dearadh an Aontais Eorpaigh' in ionad na bhfocal 'dearadh Comhphobail' agus déantar aon athrú gramadaí is gá;

(3) in Airteagal 24(2), Airteagal 25(3), Airteagal 31(6), Airteagal 48(2), Airteagal 62(3), Airteagal 68(3), Airteagal (70(4), Airteagal 80, pointe (c), Airteagal 81(2), Airteagal 82(1), (3), agus (4), cuirtear 'an tAontas' in ionad na bhfocal 'an Comhphobal' agus déantar aon athrú gramadaí is gá;

(4) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) léiriú an dearaidh i gcomhréir le hAirteagal 4;';

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) tuairisc amháin in aghaidh an dearaidh nach faide ná 100 focal ina mínítear léiriú an dearaidh; ní mór go mbainfidh an tuairisc leis na gnéithe sin atá sonraithe in atáirgí an dearaidh; ní bheidh ráitis sa tuairisc maidir le húrnuacht an dearaidh, gné shainiúil an dearaidh ná a luach teicniúil;';

(5) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Féadfaidh il-iarratas lena n-iarrtar clárú suas le 50 dearadh a bheith in iarratas.';

(b) scriostar mír 2;

(6) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

'3. Déanfar tásc na dtáirgí a chur i bhfriotal ar dhóigh go ndéanfar cineál na dtáirgí a shonrú go soiléir agus nach bhféadfar gach táirge a aicmiú ach in aon aicme amháin agus in aon fho-aicme amháin de chuid aicmiú Locarno, agus úsáid á baint as na téarmaí atá sa liosta táirgí a leagtar amach san aicmiú sin más féidir.

4. Déanfar na táirgí a ghrúpáil de réir aicmí aicmiú Locarno, le huimhir na haicme agus na fo-aicme lena mbaineann an grúpa táirgí sin roimh gach grúpa agus cuirfear i láthair iad in ord na n-aicmí agus na bhfo-aicmí faoin aicmiú sin.';

(7) in Airteagal 4(1), pointe (d), Airteagal 8(1), Airteagal 41(2), Airteagal 45(4), Airteagal 46(5), Airteagal 48(1), Airteagal 51, Airteagal 52(2), Airteagal 58(1), (2), agus (4), Airteagal 66(4), Airteagal 83(2), agus Airteagal 85(1), cuirtear 'an Stiúrthóir Feidhmiúcháin' in ionad na bhfocal 'an tUachtarán' agus déantar aon athrú gramadaí is gá;

(8) Scriostar Airteagail 5, 6, 7 agus 10;

(9) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. I gcás ina gcinnfidh an Oifig, de bhun Airteagal 47 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002, le linn di an scrúdúchán a dhéanamh ar na forais maidir le neamh-inchláraitheacht, nach bhfreagraíonn an dearadh a n-iarrtar cosaint ina leith don sainmhíniú ar dhearadh dá bhforáiltear in Airteagal 3, pointe (1) den Rialachán sin, nó go bhfuil an dearadh ar neamhréir le beartas poiblí nó le prionsabail na moráltachta a bhfuil glacadh leo go forleathan, déanfaidh sí an t-iarratasóir a chur ar an eolas nach bhfuil an dearadh inchláraithe agus sonróidh sí an foras atá aici.';

(10) Leasaítear Airteagal 11a mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. I gcás ina gcinnfidh an Oifig, de bhun Airteagal 106e(1) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002, le linn di scrúdúchán a dhéanamh ar chlárú idirnáisiúnta, nach bhfreagraíonn an dearadh a n-iarrtar cosaint ina leith don sainmhíniú ar dhearadh dá bhforáiltear in Airteagal 3, pointe (1) den Rialachán sin nó go bhfuil an dearadh ar neamhréir leis an mbeartas poiblí nó le prionsabail na moráltachta a bhfuil glacadh leo go forleathan, seolfaidh sí fógra faoi dhiúltú chuig Biúró Idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil ('an Biúró Idirnáisiúnta') tráth nach déanaí ná 6 mhí ó dháta foilsithe an chláraithe idirnáisiúnta , fógra ina sonrófar na forais maidir le diúltú de bhun Airteagal 12(2) d'Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú na Háige i dtaca le Clárú Idirnáisiúnta Dearaí Tionscail (*) ('Ionstraim na Ginéive').

2. Sonróidh an Oifig teorainn ama ar lena linn a bhfuil an deis ag sealbhóir an chláraithe idirnáisiúnta, de bhun Airteagal 106e(2) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002, an clárú idirnáisiúnta a thréigean i leith an Aontais, an clárú idirnáisiúnta a theorannú do dhearadh tionscail amháin nó roinnt dearaí tionscail i leith an Aontais, nó barúlacha a chur isteach.';

_____

(*) IO L 386, 29.12.2006, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2006/954/oj).

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. I gcás ina ndéanfaidh an sealbhóir an clárú idirnáisiúnta a thréigean nó an clárú idirnáisiúnta a theorannú do cheann amháin nó do chuid de na dearaí tionscail i leith an Aontais, cuirfidh an sealbhóir an Biúró Idirnáisiúnta ar an eolas faoi nós imeachta taifeadta i gcomhréir le hAirteagal 16(1), pointí (iv) agus (v), d'Ionstraim na Ginéive. Féadfaidh an sealbhóir an Oifig a chur ar an eolas trí ráiteas comhréireachta a chur faoina bráid.';

(11) Scriostar Airteagal 13;

(12) Scriostar Airteagal 15;

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16:

'*Airteagal 16*

Foilsiú i ndiaidh na tréimhse iarchur

I gcás ina gcomhlíonann an sealbhóir na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 50 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002, tráth dhul in éag na tréimhse iarchur nó i gcás iarraidh ar fhoilsiú níos luaithe, déanfaidh an Oifig an méid seo a leanas, a luaithe agus is féidir go teicniúil:

(a) dearadh AE cláraithe a fhoilsiú i bhFeasachán maidir le Dearaí an Aontais Eorpaigh, agus na tásca a leagtar amach in Airteagal 14(2) san áireamh, mar aon le tásc ar an bhfíoras go raibh iarraidh ar fhoilsiú a chur siar san iarratas de bhun Airteagal 50 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002;

(b) aon chomhad a bhaineann leis an dearadh a chur ar fáil d'iniúchadh an phobail;

(c) na hiontrálacha uile sa Chlár a oscailt d'iniúchadh an phobail, lena n-áirítear aon iontráil a coinníodh siar ó iniúchadh de bhun Airteagal 74(5) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002.';

(14) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. I ndiaidh foilsithe, eiseoidh an Oifig deimhniú clárúcháin don sealbhóir, deimhniú ina mbeidh iontrálacha an Chláir dá bhforáiltear in Airteagal 72(2) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002, agus ráiteas chuige sin gur taifeadadh na hiontrálacha sin sa Chlár.';

(15) Scriostar Caibidil III;

(16) in Airteagal 23, scriostar mír 3;

(17) in Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. I gcás ina dtugtar éileamh a bhaineann le teidlíocht ar dhearadh AE cláraithe os comhair chúirt nó údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann de bhun Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002, beidh dearbhú tola don ghéilleadh, arna shíniú ag an éilitheoir nó ag ionadaí an éilitheora, ina chruthúnas leordhóthanach ar chomhaontú an éilitheora leis an ngéilleadh.';

(18) in Airteagal 57(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'1. I gcás ina bhforáiltear le Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 nó leis an Rialachán seo maidir le teorainn ama le soláthar ag an Oifig, nuair atá sainchónaí ar an bpáirtí lena mbaineann sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) nó nuair atá a phríomháit ghnó nó bunaíocht aige sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), ní bheidh teorainn ama nach giorra ná mí amháin i gceist, nó, nuair nach gcomhlíontar na coinníollacha sin, nach giorra ná 2 mhí, agus nach faide ná 6 mhí.';

(19) Scriostar Airteagal 60;

(20) in Airteagal 62, scriostar mír 2;

(21) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 64:

'*Airteagal 64*

An liosta speisialta d'ionadaithe gairmiúla maidir le hábhair dhearaidh a leasú

1. Scriosfar iontráil ionadaí ghairmiúil ar an liosta speisialta d'ionadaithe gairmiúla maidir le hábhair dearaidh, dá dtagraítear in Airteagal 78(4) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002, arna iarraidh sin don ionadaí gairmiúil.

2. Scriosfar go huathoibríoch ainm ionadaí ghairmiúil ar an liosta dá dtagraítear i mír 1:

(a) i gcás bhás nó éagumas dlíthiúil an ionadaí ghairmiúil;

(b) i gcás nach náisiúnach Ballstáit de chuid LEE é an t-ionadaí gairmiúil a thuilleadh, seachas má dheonaíonn an Stiúrthóir Feidhmiúcháin díolúine de bhun Airteagal 78(6), pointe (a) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002;

(c) i gcás nach bhfuil áit ghnó nó áit fostaíochta an ionadaí ghairmiúil in LEE a thuilleadh;

(d) i gcás nach bhfuil an teidlíocht dá dtagraítear in Airteagal 78(4), pointe (c) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ag an ionadaí gairmiúil a thuilleadh.

3. Cuirfear iontráil ionadaí ghairmiúil sa liosta dá dtagraítear i mír 1 ar fionraí ar rún ón Oifig féin i gcás ina ndearnadh teidlíocht an ionadaí ghairmiúil chun ionadaíocht a dhéanamh ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha os comhair Oifig Benelux um Maoin Intleachtúil nó os comhair lároifig maoine tionsclaíche Ballstáit de chuid LEE dá dtagraítear in Airteagal 78(4), pointe (c) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 a chur ar fionraí.

4. Déanfar ionadaí gairmiúil, a ndearnadh a iontráil a scriosadh, a chur leis an liosta dá dtagraítear i mír 1 an athuair, arna iarraidh sin de bhun Airteagal 78(5) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002, mura bhfuil ann a thuilleadh do na coinníollacha is cúis leis an scriosadh.

5. Déanfaidh Oifig Benelux um Maoin Intleachtúil agus lároifigí maoine tionsclaíche na mBallstát de chuid LEE lena mbaineann an Oifig a chur ar an eolas go pras faoi aon imeacht ábhartha dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3, i gcás ina mbeidh siad ar an eolas fúthu.

6. Foilseofar na leasuithe ar an liosta dá dtagraítear i mír 1 in Iris Oifigiúil na hOifige.';

(22) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 65:

'*Airteagal 65*

Cumarsáid i scríbhinn nó trí mhodhanna eile

Déanfar iarratais ar dhearadh AE a chlárú, chomh maith le haon iarratas nó dearbhú eile dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 agus gach cumarsáid eile a sheoltar chuig an Oifig a chur isteach ar cheann de na bealaí seo a leanas:

(a) tríd an doiciméad bunaidh sínithe atá i gceist a chur faoi bhráid na hOifige, tríd an bpost, trí sheachadadh pearsanta, nó trí aon mhodh eile; ní gá iarscríbhinní a ghabhann le doiciméid a chuirtear isteach a shíniú;

(b) tríd an doiciméad bunaidh sínithe a tharchur ar facs i gcomhréir le hAirteagal 66;

(c) trí ábhar na cumarsáide a tharchur trí mhodhanna leictreonacha i gcomhréir le hAirteagal 67.';

(23) in Airteagal 67, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Féadfar iarratais ar chlárú dhearadh AE a chur isteach trí mheán leictreonach, lena n-áirítear léiriú an dearaidh.

Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a leagfaidh síos na coinníollacha.

2. Cinnfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na módúlachtaí le haghaidh cumarsáid ar mhodhanna leictreonacha, amhail na modhanna atá le húsáid, mionsonraí teicniúla na cumarsáide, agus na modhanna lenar féidir an seoltóir a shainaithint.';

(24) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 69:

'*Airteagal 69*

Clár dearaí AE

Sa bhreis ar na hiontrálacha a leagtar amach in Airteagal 72(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002, beidh na hiontrálacha seo a leanas sa Chlár, agus an dáta ar taifeadadh iontráil den sórt sin ag gabháil le gach iontráil:

(a) athruithe ar ainm nó ar chathair agus tír an tsealbhóra;

(b) fógra ar leasú an dearaidh de bhun Airteagal 25(6) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002, lena n-áirítear, más infheidhme, tagairt don séanadh a tugadh nó an cinneadh ón gcúirt nó an cinneadh ón Oifig lena ndearbhaítear an neambhailíocht pháirteach a bhaineann leis an gceart dearaidh, mar aon le ceartúcháin ar bhotúin agus ar earráidí de bhun Airteagal 20 den Rialachán seo;

(c) deonú nó aistriú ceadúnais de bhun Airteagal 16(2) nó Airteagal 32 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 agus, i gcás inarb infheidhme, cineál an cheadúnais de bhun Airteagal 25 de Rialachán seo;'

(25) Scriostar Airteagal 71;

(26) scriostar Caibidil XVI.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Bealtaine 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN